Parlaimint na hEorpa
2019-2024

An Coiste um Iompar agus um Thurasóireacht

2023/0164(COD)

18.9.2023

***I
DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2009/18/CE lena mbunaítear na bunphrionsabail lena rialaítear imscrúdú tionóiscí in earnáil an mhuiriompair
(COM(2023)0270 – C9-0189/2023 – 2023/0164(COD))

An Coiste um Iompar agus um Thurasóireacht

Rapóirtéir: Caroline Nagtegaal

Eochair do na siombailí a úsáidtear

*	An nós imeachta comhairliúcháin
***	Nós imeachta an toilithe
***I	An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
***II	An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
***III	An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

Leasuithe ar dhréachtghníomh

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad líne agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó trí líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

CLÁR

Leathanach

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN 18

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2009/18/CE lena mbunaítear na bunphrionsabail lena rialaítear imscrúdú tionóiscí in earnáil an mhuiriompair
(COM2023)0270 – C9-0189/2023 – 2023/0164(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2023)0270),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 100(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0189/2023),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an ...[1], ,

– ag féachaint do thuairim ó Choiste na Réigiún an ... [2],

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Iascach,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht (A9-0000/2023),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

Leasú 1

Togra le haghaidh treorach
Aithris 7

[1] Nár foilsíodh fós san *Iris Oifigiúil*.
[2] Nár foilsíodh fós san *Iris Oifigiúil*.

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(7) Faoi láthair tá soithí iascaireachta atá níos lú ná 15 mhéadar ar fhad eisiata ó raon feidhme Threoir 2009/18/CE, dá bhrí sin tá seoladh imscrúduithe tionóiscí muirí a bhaineann le soithí iascaireachta den sórt sin neamhchórasach agus neamh-chomhchuibhithe. ***Is minice a iompaíonn soithí den sórt sin agus is rud measartha coitianta é go dtiteann baill den chriú thar bord. Dá bhrí sin, is gá na soithí iascaireachta sin, a gcriú agus an comhshaol a chosaint trí*** réamh-mheasúnú a thabhairt isteach ar thaismigh mhuirí an-tromchúiseacha a bhaineann le soithí iascaireachta atá níos lú ná 15 mhéadar ar fhad chun a chinneadh ar cheart do na húdaráis imscrúdú sábháilteachta a oscailt.	(7) Faoi láthair tá soithí iascaireachta atá níos lú ná 15 mhéadar ar fhad eisiata ó raon feidhme Threoir 2009/18/CE, dá bhrí sin tá seoladh imscrúduithe tionóiscí muirí a bhaineann le soithí iascaireachta den sórt sin neamhchórasach agus neamh-chomhchuibhithe. ***Féidearthacht*** a thabhairt isteach chun réamh-mheasúnú a dhéanamh ar thaismigh mhuirí an-tromchúiseach a bhaineann le soithí iascaireachta atá níos lú ná 15 mhéadar ar fad chun a chinneadh ar cheart do na húdaráis tús a chur le himscrúdú sábháilteachta, ***bheadh roinnt buntáistí ag baint leis ó thaobh na soithí iascaireachta sin agus a gcriú a chosaint***. ***Mar sin féin, ba cheart don Choimisiún measúnú ex-ante agus anailís costais is tairbhe a dhéanamh ar an leathnú ar an raon feidhme chuig soithí iascaireachta atá níos lú ná 15 mhéadar i láthair na huaire chun aon ualach riaracháin ar údaráis imscrúdaitheacha náisiúnta a sheachaint.*** Or. en

Leasú 2

Togra le haghaidh treorach
Aithris 12

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(12) I bhfianaise a bhfuil ráite, ba cheart do EMSA ***oiliúint*** a eagrú ar theicnící sonracha agus ar fhorbairtí agus teicneolaíochtaí nua a d'fhéadfadh a bheith ábhartha ***d'imscrúdú*** tionóiscí amach anseo. Ba cheart go ndíreodh oiliúint den sórt sin, i measc nithe eile, ar bhreoslaí in-athnuaite agus ar bhreoslaí ísealcharbóin, atá ábhartha go háirithe i bhfianaise an phacáiste 'Oiriúnach do 55', agus uathoibriú, chomh maith le rialacha an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint	(12) I bhfianaise a bhfuil ráite, ba cheart do EMSA ***seisiúin oiliúna rialta agus cláir dheimhniúcháin*** a eagrú ar theicnící sonracha agus ar fhorbairtí agus teicneolaíochtaí nua a d'fhéadfadh a bheith ábhartha ***d'imscrúdúithe*** tionóiscí amach anseo. Ba cheart go ndíreodh oiliúint den sórt sin, i measc nithe eile, ar bhreoslaí in-athnuaite agus ar bhreoslaí ísealcharbóin, atá ábhartha go háirithe i bhfianaise an phacáiste 'Oiriúnach do 55', agus

Sonraí (RGCS).	uathoibriú, chomh maith le rialacha an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS).
	Or. en

Leasú 3

Togra le haghaidh treorach
Aithris 14 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(14a) Chun a áirithiú go bhfuil na hIarscríbhinní cothrom le dáta, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca leis na hIarscríbhinní a leasú i bhfianaise athruithe ar an dlí muirí idirnáisiúnta, mar atá á rialú ag IMO. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.
	Or. en

Leasú 4

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe b
Treoir 2009/18/CE gan a bheith ag teacht faoin raon feidhme
Airteagal 2 – mír 2 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) Scriostar pointe (d)	(b) ***Cuirtear an méid seo a leanas in ionad*** phointe (d):
	(d) soithí iascaireachta ar lú ná 15 mhéadar a bhfad, ach amháin má chinneann an t-údarás imscrúdúcháin gan tús a chur le himscrúdú sábháilteachta ar bhonn réamh-mheasúnú.

Or. en

Leasú 5

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5
Treoir 2009/18/CE gan a bheith ag teacht faoin raon feidhme
Airteagal 5 – mír 2 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
I gcás soitheach iascaireachta atá níos lú ná 15 mhéadar ar fhad, ***déanfaidh*** an t-údarás um imscrúdú réamh-mheasúnú ar an taismeach muirí an-tromchúiseach chun a chinneadh an ndéanfar imscrúdú sábháilteachta nó nach ndéanfar.	I gcás soitheach iascaireachta atá níos lú ná 15 mhéadar ar fhad, ***féadfaidh*** an t-údarás um imscrúdú réamh-mheasúnú ar an taismeach muirí an-tromchúiseach chun a chinneadh an ndéanfar imscrúdú sábháilteachta nó nach ndéanfar.

Or. en

Leasú 6

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5
Treoir 2009/18/CE gan a bheith ag teacht faoin raon feidhme
Airteagal 5 – mír 2 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
I gcás ina gcinnfidh an t-údarás um	***scriosta***

imscrúdú gan tabhairt faoi imscrúdú sábháilteachta ar thaismeach muirí an-tromchúiseach a bhaineann le soitheach iascaireachta atá níos lú ná 15 mhéadar, déanfar na cúiseanna leis an gcinneadh sin a thaifeadadh agus tabharfar fógra ina leith i gcomhréir le hAirteagal 17(3).

Or. en

Leasú 7

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5
Treoir 2009/18/CE gan a bheith ag teacht faoin raon feidhme
Airteagal 5 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. Agus cinneadh á dhéanamh ar tharla taismeach muirí nó teagmhas muirí taobh le duga, feistithe nó i nduga, a raibh baint ag oibrithe ar tír nó ar chalafort leis, ‘go díreach i dtaca le hoibríochtaí loinge’ agus, dá bhrí sin, tá sé faoi réir imscrúdú sábháilteachta, tabharfar aird ar leith ar rannpháirtíocht agus ábharthacht struchtúr, trealamh, nósanna imeachta, criú na loinge agus bainistíocht na loinge maidir leis an ngníomhaíocht atá á déanamh.	6. Agus cinneadh á dhéanamh ar tharla taismeach muirí nó teagmhas muirí taobh le duga, feistithe nó i nduga, a raibh baint ag oibrithe ar tír nó ar chalafort leis, ‘go díreach i dtaca le hoibríochtaí loinge’ agus, dá bhrí sin, tá sé faoi réir imscrúdú sábháilteachta, tabharfar aird ar leith ar rannpháirtíocht agus ábharthacht struchtúr, trealamh, nósanna imeachta, criú na loinge agus bainistíocht na loinge maidir leis an ngníomhaíocht atá á déanamh. ***Nuair is gá, cuirfear seicliosta sláinte agus sábháilteachta i gcrích.***

Or. en

Leasú 8

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5
Treoir 2009/18/CE
Airteagal 5 – mír 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
7. Cuirfear tús le himscrúdú sábháilteachta gan mhoill tar éis don taismeach nó don teagmhas muirí tarlú agus, ar aon chuma, tráth nach déanaí ná	7. Cuirfear tús le himscrúdú sábháilteachta gan mhoill tar éis don taismeach nó don teagmhas muirí tarlú agus, ar aon chuma, tráth nach déanaí ná

dhá mhí tar éis dó tarlú.

mí amháin tar éis dó tarlú.

Or. en

Leasú 9

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7 – pointe a
Treoir 2009/18/CE
Airteagal 7 – mír 1 – fomhír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
‘Beidh seoladh imscrúduithe sábháilteachta comhthreomhara ar an taismeach nó teagmhas muirí céanna teoranta go docht do chásanna eisceachtúla. I gcásanna den sórt sin, tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na cúiseanna atá leis na himscrúduithe comhthreomhara sin a dhéanamh. Comhoibreoidh na Ballstáit a sheolann imscrúduithe sábháilteachta comhthreomhara lena chéile. Go háirithe, malartóidh na húdaráis um imscrúdú lena mbaineann aon fhaisnéis ***ábhartha*** a bhaileofar le linn a n-imscrúduithe faoi seach, go háirithe chun teacht ar chonclúidí comhroinnte, a mhéid is féidir.	Beidh seoladh imscrúduithe sábháilteachta comhthreomhara ar an taismeach nó teagmhas muirí céanna teoranta go docht do chásanna eisceachtúla. I gcásanna den sórt sin, tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na cúiseanna atá leis na himscrúduithe comhthreomhara sin a dhéanamh. Comhoibreoidh na Ballstáit a sheolann imscrúduithe sábháilteachta comhthreomhara lena chéile. Go háirithe, malartóidh na húdaráis um imscrúdú lena mbaineann aon fhaisnéis ábhartha a bhaileofar ***ar bhealach tráthúil***, le linn a n-imscrúduithe faoi seach, go háirithe chun teacht ar chonclúidí comhroinnte, a mhéid is féidir.’

Or. en

Leasú 10

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7 – pointe b
Treoir 2009/18/CE
Airteagal 7 – mír 1 a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1a. Le linn an t-imscrúdú sábháilteachta muirí a dhéanamh, ba cheart do Stáit a bhfuil leas substainteach acu cúnamh a thabhairt, a mhéid is praiticiúil, don Bhallstát nó do na Ballstáit a dhéanann imscrúdú sábháilteachta muirí chun rochtain ar fhaisnéis ábhartha don imscrúdú sábháilteachta muirí. Ba cheart	1a. Le linn an t-imscrúdú sábháilteachta muirí a dhéanamh, ba cheart do Stáit a bhfuil leas substainteach acu cúnamh a thabhairt, a mhéid is praiticiúil, don Bhallstát nó do na Ballstáit a dhéanann imscrúdú sábháilteachta muirí chun rochtain ar an bhfaisnéis ***go léir*** don imscrúdú sábháilteachta muirí. Ba cheart

rochtain a thabhairt freisin don imscrúdaitheoir nó do na himscrúdaitheoirí a dhéanann imscrúdú sábháilteachta muirí ar shuirbhéirí Rialtais, ar oifigigh gharda cósta, ar oibreoirí seirbhísí tráchta loinge, ar phíolótaí agus ar phearsanra muirí eile de chuid an Stáit a bhfuil leas substainteach acu ann.	rochtain a thabhairt freisin don imscrúdaitheoir nó do na himscrúdaitheoirí a dhéanann imscrúdú sábháilteachta muirí ar shuirbhéirí Rialtais, ar oifigigh gharda cósta, ar oibreoirí seirbhísí tráchta loinge, ar phíolótaí agus ar phearsanra muirí eile de chuid an Stáit a bhfuil leas substainteach acu ann.
	Or. en

Leasú 11

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8
Treoir 2009/18/CE
Airteagal 8 – mír 1 – fomhír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Chun imscrúdú sábháilteachta a dhéanamh ar bhealach neamhchlaonta, beidh an t-údarás um imscrúdú neamhspleách ó thaobh a eagraithe, a struchtúir dhlíthiúil agus a chinnteoireachta de d'aon pháirtí a bhféadfadh a leasanna teacht salach ar an gcúram a chuirtear de chúram air.	Chun imscrúdú sábháilteachta a dhéanamh ar bhealach neamhchlaonta ***agus chun aon choinbhleacht leasa a sheachain***t, beidh an t-údarás um imscrúdú neamhspleách ó thaobh a eagraithe, a struchtúir dhlíthiúil agus a chinnteoireachta de d'aon pháirtí a bhféadfadh a leasanna teacht salach ar an gcúram a chuirtear de chúram air.
	Or. en

Leasú 12

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8
Treoir 2009/18/CE
Airteagal 8 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. ***Féadfar*** na gníomhaíochtaí a thugtar mar chúram don údarás um imscrúdú a leathnú chuig bailiú ***agus*** anailísiú sonraí a bhaineann le sábháilteacht mhuirí, go háirithe chun críocha coiscthe, a mhéid nach ndéanann na gníomhaíochtaí sin difear dá neamhspleáchas nó nach ngabhann freagracht leo ó thaobh nithe a bhaineann	3. ***Déanfar*** na gníomhaíochtaí a thugtar mar chúram don údarás um imscrúdú a leathnú chun go ***n-áireofar*** bailiú***,*** anailísiú ***agus próiseáil*** sonraí a bhaineann le sábháilteacht mhuirí, go háirithe chun críocha coiscthe, a mhéid nach ndéanann na gníomhaíochtaí sin difear dá neamhspleáchas nó nach ngabhann freagracht leo ó thaobh nithe a

le rialáil, riarachán nó caighdeánú.	bhaineann le rialáil, riarachán nó caighdeánú.

Or. en

Leasú 13

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8
Treoir 2009/18/CE
Airteagal 8 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Áiritheoidh na Ballstáit, ag gníomhú dóibh faoi chuimsiú a gcóras dlí faoi seach, go ndéanfar aon fhaisnéis a bhaineann le seoladh an imscrúdaithe sábháilteachta muirí a sholáthar d'imscrúdaitheoirí a údaráis um imscrúdú, nó d'aon údarás um imscrúdú eile a ndearna sé cúram an imscrúdaithe sábháilteachta muirí a tharmligean chuige, i gcás inarb iomchuí i gcomhar leis na húdaráis atá freagrach as an bhfiosrúchán breithiúnach, agus údarófar dóibh, dá bhrí sin, an méid seo a leanas a dhéanamh:	4. Áiritheoidh na Ballstáit, ag gníomhú dóibh faoi chuimsiú a gcóras dlí faoi seach, go ndéanfar aon fhaisnéis ***agus na modhanna teicneolaíochta*** a bhaineann le seoladh an imscrúdaithe sábháilteachta muirí a sholáthar d'imscrúdaitheoirí a údaráis um imscrúdú, nó d'aon údarás um imscrúdú eile a ndearna sé cúram an imscrúdaithe sábháilteachta muirí a tharmligean chuige, i gcás inarb iomchuí i gcomhar leis na húdaráis atá freagrach as an bhfiosrúchán breithiúnach, agus údarófar dóibh, dá bhrí sin, an méid seo a leanas a dhéanamh:

Or. en

Leasú 14

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8
Treoir 2009/18/CE
Airteagal 8 – mír 4 – pointe i a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ia) iarraidh ar chúnamh ón gCoimisiún agus ón nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (EMSA), i gcomhréir le hAirteagal 17a(2);

Or. en

Leasú 15

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 15
Treoir 2009/18/CE
Airteagal 17a – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Éascóidh an Coimisiún forbairt acmhainní agus comhroinnt eolais laistigh de na húdaráis um imscrúdú agus eatarthu trí oiliúint a chur ar fáil maidir le forbairtí nua dlí agus teicneolaíochta, teicnící agus uirlisí sonracha agus teicneolaíochtaí a bhaineann le longa, a dtrealamh agus a n-oibríochtaí.	1. Éascóidh an Coimisiún ***agus an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (EMSA)*** forbairt acmhainneachtaí chomh maith le comhroinnt eolais laistigh de na húdaráis imscrúdaithe agus eatarthu trí ***sheisiúin*** oiliúna ***agus deimhnithe rialta*** a chur ar fáil maidir le forbairtí dlíthiúla agus teicneolaíocha nua, teicnící agus uirlisí agus teicneolaíochtaí sonracha a bhaineann le longa, a dtrealamh agus a n-oibríochtaí.

Or. en

Leasú 16

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 15
Treoir 2009/18/CE
Airteagal 17a – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Arna iarraidh sin d'údaráis um imscrúdú na mBallstát, agus ar chuntar nach dtagann aon choinbhleacht leasa chun cinn, soláthróidh an Coimisiún tacaíocht oibríochtúil do na Ballstáit sin agus iad i mbun a n-imscrúduithe sábháilteachta. Áirítear ar thacaíocht den sórt sin uirlisí nó trealamh anailíseach speisialaithe a sholáthar, chomh maith le saineolas.'	2. Arna iarraidh sin d'údaráis imscrúdúcháin na mBallstát, agus ag glacadh leis nach dtiocfaidh aon choinbhleacht leasa chun cinn, tabharfaidh an Coimisiún ***agus EMSA***tacaíocht oibríochtúil ***agus theicneolaíoch*** do na Ballstáit sin agus a n-imscrúduithe sábháilteachta á ndéanamh acu. Áirítear ar thacaíocht den sórt sin uirlisí nó trealamh anailíseach speisialaithe a sholáthar, chomh maith le saineolas.'

Or. en

Leasú 17

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 15
Treoir 2009/18/CE
Airteagal 17 a – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2a. Cuirfidh an Coimisiún agus EMSA oiliúint thiomnaithe ar fáil d'údaráis imscrúdúcháin maidir le húsáid teicneolaíochtaí imscrúdaitheacha, trealaimh agus teicneolaíochtaí nua a bhaineann le forbairtí i réimse an mhuiriompair.

Or. en

Leasú 18

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 17 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(17) ***in*** Airteagal 20, cuirtear an méid seo a leanas in ionad ***an cheathrú mír***:	(17) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 20:

Or. en

(32009L0018)

Leasú 19

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 17
Treoir 2009/18/CE
Airteagal 20 – mír 1

An téacs atá ann	*Leasú*
Féadfaidh an Coimisiún sainmhínithe sa Treoir seo, ***agus*** na tagairtí a dhéantar d'ionstraimí ***Comhphobail*** agus d'ionstraimí IMO ***a thabhairt cothrom le dáta chun go mbeidh siad ag luí le bearta Comhphobail nó IMO*** a tháinig i bhfeidhm, faoi réir urramú theorainneacha na Treorach seo.	'***Glacfaidh*** an Coimisiún ***gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 20a chun an Treoir seo a leasú trí na*** sainmhínithe ***agus na hIarscríbhinní a thabhairt cothrom le dáta chun na hathruithe ar an dlí muirí idirnáisiúnta a chomhlíonadh, mar atá á rialú ag IMO, agus chun*** na tagairtí a dhéantar do

	ghníomhartha ***eile de chuid an Aontais*** agus d'ionstraimí IMO a tháinig i bhfeidhm ***a thabhairt cothrom le dáta***, faoi réir urramú theorainneacha na Treorach seo.

Or. en

(32009L0018)

Leasú 20

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 17
Treoir 2009/18/CE
Airteagal 20 – mír 2

An téacs atá ann	*Leasú*
Maidir leis na bearta sin, atá ceaptha chun eilimintí neamhriachtanacha den Treoir seo a leasú, inter alia trína forlíonadh, glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 19(3).	***scriosta***

Or. en

(32009L0018)

Leasú 21

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 17
Treoir 2009/18/CE
Airteagal 20 – mír 3

An téacs atá ann	*Leasú*
Ag gníomhú dó i gcomhréir leis an nós imeachta céanna, féadfaidh an Coimisiún na hIarscríbhinní a leasú freisin.	***scriosta***

Or. en

(32009L0018)

Leasú 22

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 17 a (nua)
Treoir 2009/18/CE
Airteagal 20 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(17a) cuirtear an tAirteagal 20a seo a leanas leis:
	Airteagal 20a
	An tarmligean a fheidhmiú
	1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
	2. Déanfar an chumhacht gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, dá dtagraítear in Airteagal 20, a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse éiginnte ama ó [dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].
	3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 12 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.
	4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.
	5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún

fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 20 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse 3 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Cuirfear síneadh dhá mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Or. en

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Baineann an togra seo le modhnú ar Threoir 2009/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 lena mbunaítear na bunphrionsabail a rialaíonn imscrúdú ar thionóiscí in earnáil an mhuiriompair agus lena leasaítear Treoir 1999/35/CE ón gComhairle agus Treoir 2002/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

Foráiltear leis an Treoir do chóras imscrúduithe sábháilteachta chun ceachtanna a fhoghlaim ó thionóiscí muirí agus chun iad a chosc ó bheith ag tarlú athuair. Déantar imscrúdú ar thionóiscí muirí a thagann faoi raon feidhme na Treorach chun sábháilteacht mhuirí a fheabhsú agus chun an mhuirthimpeallacht a chosaint.

Is é cuspóir ginearálta an athbhreithnithe ar an Treoir sábháilteacht mhuirí a fheabhsú agus chun an mhuirthimpeallacht a chosaint. Ba cheart creat rialála reatha an Aontais a nuashonrú chun (i) rialacha an Aontais a choimeád i gcás inar gá agus ina bhfuil sé comhréireach; (ii) a áirithiú go gcuirfear chun feidhme i gceart iad; agus (iii) deireadh a chur le haon fhorluí féideartha idir oibleagáidí agus neamhréireachtaí idir píosaí gaolmhara reachtaíochta. Is é an cuspóir uileghabhálach creat dlíthiúil soiléir, simplí agus cothrom le dáta a sholáthar a mhéadaíonn leibhéal foriomlán na sábháilteachta.

Molann an Rapóirtéir roinnt leasuithe arb é is aidhm dóibh ailíniú iomlán leis an dlí muirí idirnáisiúnta, cur chuige réalaíoch i leith an raoin feidhme chomh maith le himscrúdú sábháilteachta, agus sábháilteacht fheabhsaithe d'oibrithe calafoirt a bhfuil tionóiscí muirí acu.

Ar an gcéad dul síos, sonraítear sa togra go dtosóidh an t-imscrúdú sábháilteachta tráth nach déanaí ná dhá mhí tar éis tharlú na tionóisce. Molann an rapóirtéir go ndéanfaí an tréimhse sin a ghiorrú, chun éifeachtúlacht agus éifeachtacht an phróisis imscrúdúcháin a mhéadú.

Ar an dara dul síos, maidir leis an raon feidhme, molann an Coimisiún Eorpach níos mó airde a thabhairt ar chúiseanna timpistí agus teagmhas soithí iascaireachta. Agus anailís á déanamh ar na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le soithí iascaireachta beaga a áireamh i raon feidhme na Treorach seo, d'ardaigh an Rapóirtéir roinnt amhrais faoi phraiticiúlacht raon feidhme leathnaithe. Agus í ar an eolas go bhféadfadh sé a bheith an-fhiúntach rannpháirtíocht na mBallstát a éascú maidir le himscrúdú ar thaismí a dhéanamh ar shoithí beaga iascaireachta, bunaithe ar shonraí caighdeánaithe a bhaineann le taismigh, lena n-áirítear soithí iascaireachta beaga faoi raon feidhme na Treorach seo, d'fhéadfadh sé go mbeadh tionchar mór aige sin ar na hacmhainní atá ar fáil d'údaráis imscrúdúcháin na mBallstát. Go gonta, baineann sé le praiticiúlacht agus le hindéantacht ó thaobh na mBallstát de.

Ar deireadh, measann an Rapóirtéir gur cheart go mbeadh an Treoir i gcomhréir leis an dlí muirí idirnáisiúnta, agus dá bhrí sin le reachtaíocht IMO. Ciallaíonn sé sin gur cheart na forálacha sa Treoir a bheith solúbtha go leor (an gá atá le tagairtí dinimiciúla don reachtaíocht idirnáisiúnta) ionas gur féidir an treoir a choigeartú tar éis aon athruithe ar reachtaíocht IMO.